Tuarascáil: Eanáir 2026

# Dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí

## (Mórcheantar Uirbeach Chorcaí)

## Achoimre Neamhtheicniúil



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

# Ár n-uisce a chosaint dár dtodhchaí

**Teagmháil sonraí**

**Gréasán:**
[www.water.ie](http://www.water.ie)

**Twitter:**
**@IWCare**

Uisce Éireann
Bosca Oifige Poist 860
Oifig Seachadta na Cathrach Theas
Cathair Chorcaí

**Eolas nó fiosrúcháin faoi do chuntas**

**9rn–5.30in, Luan–Aoine**

**Teileafón:**
**0818 778 778** nó **+353 1 707 2827**

**SATÉ:**
1800 378 378 (do chustaiméirí nach bhfuil an éisteacht go maith acu)

**Fiosrúcháin agus éigeandálaí um sholáthar uisce**

**24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain**

**Teileafón:**
**0818 778 778** nó **+353 1 707 2827**

**ITRS:**
**1800 378 378** (do chustaiméirí nach bhfuil an éisteacht go maith acu)

Tá an foilseachán seo ar fáil i mBraille, ar chomhad fuaime ar dhlúthdhiosca agus i bhfoirm téacs mór ar iarratas trí ghlaoch a chur ar **1800 278 278**.

# Clár Ábhar

CLÁR ÁBHAR ..... I
GLUAIS..... IV
LIOSTA ACRAINMNEACHA AGUS GIORRÚCHÁN..... V
1. FÍS LE HAGHAIDH BAINISTÍOCHT FUÍOLLUISCE INBHUANAITHE AGUS TORTHAÍ STRAITÉISEACHA FADTÉARMACHA ..... 1
1.1. An Gá le Straitéis Fuíolluisce do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí ..... 1
1.2. Cad atá i Straitéis Fuíolluisce Chorcaí? ..... 4
2. DÚSHLÁIN STRAITÉISEACHA ..... 6
2.1. Fás Eacnamaíoch a Chothú..... 6
2.2. An Comhshaol a Chosaint..... 6
2.3. Ailíniú le Straitéisí Náisiúnta, Réigiúnacha agus Uisce Éireann..... 6
2.4. Rioscaí a Bhainistiú ..... 6
3. STRAITÉIS CHOMHOIBRÍOCH LE RANNPHÁIRTÍOCHT POBAIL AGUS PÁIRTITHE LEASMHARA ..... 7
3.1. Réamheolas..... 7
3.2. Léargais ó Chomhairliúchán Poiblí 1 ..... 7
3.3. Comhairliúchán Poiblí 2 agus Céimeanna sa Todhchaí..... 7
4. MODHEOLAÍOCHT CUR CHUIGE ..... 8
5. FEIDHMÍOCHT REATHA AN BHONNEAGAIR ..... 10
5.1. Bonneagar Fuíolluisce atá ann cheana ..... 10
5.2. Timpeallacht Uisce Glactha..... 10
5.3. Feidhmíocht Ionad Cóireála Fuíolluisce..... 10
5.4. Infheistíocht Chaipitil i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí ..... 11
6. FEIDHMÍOCHT SA TODHCHAÍ ..... 12
7. AN MHODHEOLAÍOCHT UM SHAMHALTÚ LÍONRA..... 14
8. AN SAMHALTÚ CÁILÍOCHTA UISCE..... 15
9. SCRÚDÚ ROGHANNA AGUS FORBAIRT RÉITEACH ..... 16
9.1. Céim 1 - An Riachtanas a Shainaithint ..... 16
9.2. Céim 2 - Liosta Fada de Roghanna Neamhshrianta ..... 16
9.3. Céim 3 - Scagadh Garbh ar Liosta Fada Roghanna ..... 17
9.4. Céim 4 - An Mionscagadh ..... 18
9.5. Céim 5 - Measúnú Deiridh na Roghanna ar an nGearrliosta ..... 18
10. TORTHAÍ AN SCRÚDAITHE ROGHANNA ..... 20

10.1. An Mhodheolaíocht Scrúdaithe Roghanna ........ 20
10.2. Measúnacht Timpeallachta ........ 22
11. CUR CHUIGE MOLTA AGUS CUR CHUN FEIDHME NA STRAITÉISE ........ 23
11.1. An Cur Chuige Molta ........ 23
11.2. An Straitéis a Chur i bhFeidhm ........ 38
12. MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ ........ 39
13. CONCLÚID ........ 40
13.1. Torthaí agus Buntáistí na Straitéise ........ 40
13.2. Na Chéad Chéimeanna eile ........ 40
COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ ........ 42
Conas aighneacht a chur isteach: ........ 42

# GLUAIS

| Gluais | |
|---|---|
| Acmhainn Deartha Orgánaigh | An t-ualach orgánach laethúil is airde gur féidir le hIonad Cóireála fuíolluisce isteach a chóireáil go héifeachtach. |
| An tUalach Orgánach | Lena dtagraítear do na truailleáin bhitheolaíocha i bhfuíolluisce. |
| Bithéagsúlacht | Éagsúlacht na rudaí beo ar fad. |
| Ceirtleán | Limistéar ina bhfuil an daonra i dteannta le gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó gan iad, comhchruinnithe go leor chun fuíolluisce uirbeach a bhailiú agus a sheoladh chuig ceann amháin nó níos mó de na hionaid chóireála fuíolluisce uirbigh nó chuig pointe sceite deiridh amháin nó níos mó. |
| Coibhéis Daonra (CD) | Bealach chun an méid fuíolluisce atá le cóireáil a thomhas, lena n-áirítear camras baile agus fuíolluisce tionscail. Is ionann PE amháin agus an méid fuíolluisce a tháirgeann duine amháin in aon lá amháin. |
| Forsceitheadh Uisce Stoirme (SWO) | Pointe sceite rialaithe sa líonra fuíolluisce a scaoileann barraíocht uisce báistí agus séarachas neamhchóireáilte chun tuilte séarachais le linn imeachtaí báistí a chosc. |
| Líonra | An t-idirnasc de phíobáin agus stáisiúin chaidéalúcháin a úsáidtear chun fuíolluisce a bhailiú. |
| Luach Teorann Astúcháin (ELV) | An t-uasleibhéal incheadaithe de thruailleán i sceitheadh fuíolluisce. |
| Measúnacht Chuí (MC) | Measúnacht ar thionchair dhiúltacha ionchasacha plean nó tionscadail (i dteannta le pleananna nó le tionscadail eile) ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus ar Limistéir faoi Chosaint Speisialta. Tá na láithreáin sin faoi chosaint ag Dlí Náisiúnta agus Eorpach. |
| Sceitheadh ó Ionad Cóireála Fuíolluisce | Eisilteach cóireáilte ó ionad cóireála fuíolluisce a chuirtear ar ais sa timpeallacht uisce. Tagann sé sin ó phíobán agus struchtúr eis-sreafa isteach in abhainn nó san fharraige de ghnáth. |
| Sócmhainn | Bonneagar (m.sh. foirgnimh, ionaid chóireála) agus trealamh (m.sh. caidéil, scáthláin, aonaid chóireála, córais díghalrúcháin agus painéil rialaithe) á rialú agus á n-oibriú ag Uisce Éireann chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar. Roinnimid iad sin ina Sócmhainní Faoi Thalamh amhail píbobair agus comhlaí agus Sócmhainní Os Cionn Talún amhail ionaid chóireála. |

# LIOSTA ACRAINMNEACHA AGUS GIORRÚCHÁN

| Acrainmneacha agus Giorrúcháin | |
|---|---|
| AIC | Measúnú Ilchritéar |
| CWS | Straitéis Fuíolluisce Chorcaí |
| ELV | Luach Teorann Astúcháin |
| ICFU | Ionad Cóireála Fuíolluisce |
| MCC | Mórcheantar Uirbeach Chorcaí |
| MST | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta |
| PE | Coibhéis Daonra |
| RTN | Ráiteas Tionchair Natura |
| SCFU | Stáisiún Caidéalúcháin Fuíolluisce |
| SP | Stáisiún Caidéalúcháin |
| SuDS | Córais Draenála Inbhuanaithe |
| TCFUU | An Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh |
| UÉ | Uisce Éireann |

# 1. Fís le haghaidh Bainistíocht Fuíolluisce Inbhuanaithe agus Torthaí Straitéiseacha Fadtéarmacha

## 1.1. An Gá le Straitéis Fuíolluisce do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí


Soláthraíonn Uisce Éireann, mar sholáthraí náisiúnta seirbhísí uisce poiblí na hÉireann, 1.7 billiún lítear uisce óil dár gcustaiméirí gach lá agus bailíonn agus déileálann sé níos mó ná 1.2 billiún lítear fuíolluisce sula gcuirtear ar ais go sábháilte chuig an gcomhshaol é. Tá sé ríthábhachtach dár sochaí go ndéanfar seirbhísí uisce sábháilte, slán agus inbhuanaithe a sholáthar, lena dtacaítear le sláinte an phobail, lena dtacaítear le soláthar tithíochta agus post agus lena gcosnaítear ár dtimpeallacht agus ár gcuid acmhainní luachmhara uisce.

Plean cuimsitheach is ea Dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí arna forbairt ag Uisce Éireann chun freastal ar riachtanais fuíolluisce Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí go dtí an bhliain 2080. Tá breis agus 25 baile agus sráidbhaile sa limistéar staidéir mar aon le lár uirbeach Chathair Chorcaí agus tá 26 ionad cóireála fuíolluisce ann.

Tá sé mar aidhm ag an dréacht-straitéis:

- An tsláinte phoiblí a chosaint
- An comhshaol a chosaint
- Fás daonra agus eacnamaíoch sa réigiún a éascú

Clúdaíonn Mórcheantar Uirbeach Chorcaí, a léirítear i bhFíor 1-1 thíos, 820km² ina bhfuil daonra thart ar 310,000. Sa Chreat Náisiúnta Pleanála 2040, táthar ag tnúth le fás suntasach sa cheantar, le réamh-mheastacháin ina léirítear méadú 50-60% sa daonra faoin mbliain 2040. Tá sé tábhachtach go bhforbraítear bonneagar fuíolluisce Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí ag teacht leis na réamhaisnéisí sin.




**Fíor 1-1: Limistéar Staidéir Straitéis Fuíolluisce Chorcaí**


Is é is príomhaidhm le Straitéis Fuíolluisce Chorcaí ná measúnú a dhéanamh ar an gcóireáil fuíolluisce agus ar an mbonneagar líonra i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí chun méid na hinfheistíochta amach anseo a bheidh de dhíth sa mheántéarma agus san fhadtéarma a shainaithint.

Sainaithnítear sa straitéis straitéisí inbhuanaithe bainistíochta agus cóireála fuíolluisce agus beartaítear Cuir Chuige Molta le cur chun feidhme le haghaidh na tréimhsí pleanála 2030, 2055 agus 2080. Sainaithnítear sa Straitéis amlíne chun tús a chur le tionscadail trí riachtanais abhantraigh aonair agus aon idirghníomhaíocht le ceirtleáin eile laistigh de Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí a mheas. Nuair a ainmnítear tionscadal chun tús a chur leis faoin mbliain 2055, mar shampla, ní hionann sin is a rá go gcuirfear tús leis sa bhliain sin. Ina ionad sin, léiríonn siad go dtugtar faoi na céimeanna riachtanacha sna blianta idir 2030 – 2055 chun tús a chur leis an tionscadal. Déanfar gach moladh atá leagtha amach sa Straitéis seo a chíoradh go mion agus a chur in ord tosaíochta ag brath ar ghá, indéantacht, riachtanais chomhshaoil agus maoiniú a bheith ar fáil. Níl aon chinnteacht ann go ndéanfar aon mholadh sa straitéis a chur chun cinn nó a chur i gcrích. Léiríonn sé, ina áit sin, gur fiú scrúdú breise a dhéanamh ar an moladh mar chuid de thimthriallta pleanála agus infheistíochta Uisce Éireann don am atá le teacht, ina ndéanfar cinntí maidir lena chur i bhfeidhm i gcomhréir le tosaíochtaí eagraíochtúla agus oibleagáidí rialála.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, forbraíodh Straitéis Fuíolluisce Chorcaí de réir próiseas soiléir céim ar chéim a leanann dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áirítear leis sin:

- Measúnú a dhéanamh ar an mbonneagar fuíolluisce reatha chun limistéir a shainaithint a bhfuil gá feabhas a chur orthu.
- Riachtanais fuíolluisce amach anseo a thuar do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí do na blianta 2030, 2055, agus 2080.
- An líonra fuíolluisce a shamhlú chun an chaoi a bhfeidhmíonn an córas fuíolluisce a thuiscint.
- Réitigh fhéideartha a shainaithint agus a mheas chun sraith moltaí a fhorbairt.
- Measúnú a dhéanamh ar thionchair timpeallachta féideartha na moltaí agus a gcomhlíonadh i dtaca le hoibleagáidí reachtúla a chinntiú.

Tá forbairt na straitéise bunaithe ar chaidreamh idirghníomhach le húdaráis áitiúla, le saineolaithe comhshaoil agus leis an bpobal. Mar thoradh air sin, tá an straitéis fhadtéarmach chun infheistíocht fuíolluisce inbhuanaithe i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí a threorú ar aghaidh go dtí an bhliain 2080. Déantar achoimre de threochlár straitéise maidir le forbairt Straitéis Fuíolluisce Chorcaí i bhFíor 1-2 thíos.




**Fíor 1-2: Treochlár an CWS**

## 1.2. Cad atá i Straitéis Fuíolluisce Chorcaí?

Déantar measúnú i nDréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí ar an gcóireáil fuíolluisce agus ar an mbonneagar líonra atá ann cheana i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí— faoi láthair, is ionann sin agus 26 ionad cóireála fuíolluisce, 193 stáisiún caidéalúcháin, 225 forsceitheadh uisce stoirme, agus 1,300km líonra fuíolluisce— chun na hinfheistíochtaí atá ag teastáil chun tacú le fás inbhuanaithe, athléimneacht aeráide, agus cosaint timpeallachta go dtí an bhliain 2080 a shocrú. Déantar roinnt réiteach indéanta a mheas agus déantar measúnú orthu ar mhaithe le **Cur Chuige Molta** a shainaithint chun acmhainn chóireála, draenáil agus feidhmíocht líonra a fheabhsú, agus tugtar tosaíocht do thionscadail ar fud trí thréimhse pleanála: gearrthéarmach (2030) meántéarmach (2055), agus fadtéarmach (2080).

Tá an straitéis faoi réir ag Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) i gcomhréir le Treoir MST (2001/42/CE) an Aontais Eorpaigh (AE). Is próiseas í an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta ina gcomhtháthaítear dálaí timpeallachta isteach in ullmhú agus i nglacadh pleananna agus clár, d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Déantar iarmhairtí suntasacha dóchúla Straitéis Fuíolluisce Chorcaí a shainaithint agus a mheas agus bearta maolaithe féideartha a shainaithint, de réir cheanglais Threoir MST an Aontais Eorpaigh agus rialacháin Éireannacha gaolmhara. Anuas air sin, tá Straitéis Fuíolluisce Chorcaí faoi réir ag Measúnacht Chuí (faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga). Tá Ráiteas Tionchair Natura mar chuid den straitéis agus déantar measúnú ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an straitéis difear suntasach a dhéanamh do láithreáin Natura 2000, do ghnáthóga agus speicis faoi chosaint faoi Threoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga agus Éin.

Déantar tuilleadh staidéir agus measúnuithe le haghaidh fhorbairt Straitéis Fuíolluisce Chorcaí, lena n-áirítear samhaltú hiodrálach agus measúnú líonra fuíolluisce, measúnú ar ionad cóireála fuíolluisce atá ann cheana, réamh-mheastacháin sreafa agus ualaigh, samhaltú líonra, samhaltú cáilíochta uisce, agus scrúdú roghanna agus forbairt réiteach. Oibríonn na comhpháirteanna sin le chéile chun Straitéis Fuíolluisce Chorcaí a sholáthar.

Leagtar síos i Straitéis Fuíolluisce Chorcaí an comhthéacs maidir le tionscadail a chur chun feidhme amach anseo, agus déanfar measúnuithe níos mionsonraithe ar leibhéal an tionscadail de réir mar a chuirfear tionscnaimh shonracha ar aghaidh. Cé go soláthraítear creat leis an CWS le haghaidh bainistíocht fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí, tá sé tábhachtach a theorainneacha agus a raon feidhme a shonrú. Ní shainaithnítear idirghabhálacha áitiúla sonracha sa straitéis, agus ní dhearnadh obair dheartha mhionsonraithe maidir leis na réitigh arna moladh. Anuas air sin, beidh anailís eacnamaíoch iomlán de dhíth in aghaidh gach tionscnamh.

## 2. Dúshláin Straitéiseacha

I Straitéis Fuíolluisce Chorcaí (CWS), aibhsítear na dúshláin atá ann do bhailiú agus do chóireáil fuíolluisce laistigh de Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí agus mínítear an chaoi a rachaidh UÉ i ngleic leo.

### 2.1. Fás Eacnamaíoch a Chothú

Tuartar go mbeidh fás suntasach i gCorcaigh sna blianta atá le teacht. Úsáidtear réamhaisnéisí daonra agus forbartha in CWS chun seirbhísí fuíolluisce a bheidh in ann an fás sin a láimhseáil a phleanáil. Áirítear ann lamháil sábháilteachta chun neamhchinnteachtaí a chur san áireamh agus tá sí ag teacht le pleananna náisiúnta agus réigiúnacha chun a chinntiú go mbíonn an bonneagar ag freastal ar an leathnú tithíochta, tráchtála agus tionscail.

Léirítear inár réamh-mheastacháin go dtáirgfear fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí ó choibhéis 443,900 duine sa bhliain 2030 go 819,300 duine faoin mbliain 2080, is méadú thart ar 85% é sin lena léirítear an brú a bheidh ar an mbonneagar fuíolluisce atá ann cheana féin agus an gá le huasghrádú ar na ICFUnna agus na líonraí chun an borradh sin a éascú. Áirítear sa réamh-mheastachán sin ualaí fuíolluisce a n-eascraíonn ó fhoinsí tionscail, institiúideacha agus tráchtála mar aon le foinsí cónaitheacha.

### 2.2. An Comhshaol a Chosaint

Dearadh moltaí straitéise chun cosaint chomhshaoil a fheabhsú, rioscaí a íoslaghdú agus oibríochtaí inbhuanaithe a chur chun cinn. Sainaithnítear agus tugtar faoi rioscaí agus tionchair féideartha comhshaoil a bhaineann le bainistíocht fuíolluisce sa straitéis. Forbraíodh an straitéis chun cloí le reachtaíocht chomhshaoil agus tugadh faoi mheasúnuithe chun a chinntiú go gcosnaítear an comhshaol le moltaí na straitéise.

### 2.3. Ailíniú le Straitéisí Náisiúnta, Réigiúnacha agus Uisce Éireann

Tá an CWS ailínithe le réimse éagsúil straitéisí agus tionscnaimh náisiúnta, réigiúnacha agus UÉ chomh maith le pleananna bonneagair níos leithne don limistéar staidéir. De dheasca an ailínithe sin, áirithítear go ndéantar bonneagar bainistíochta fuíolluisce a chomhtháthú i ngrúpaí pleanála níos leithne chun tacú le fás eacnamaíoch agus le hinbhuanaitheacht comhshaoil. I measc na bpríomhbheartas agus na bpríomhphleananna a breithníodh, ach gan bheith teoranta dóibh, tá an Creat Náisiúnta Pleanála, an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt, Plean Straitéiseach Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí, Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae Chorcaí, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce 2050 Uisce Éireann.

### 2.4. Rioscaí a Bhainistiú

Sainaithnítear príomhrioscaí amhail athrú aeráide, bonneagar atá ag dul in aois agus rialacháin athraitheacha sa straitéis. Áirítear pleananna chun seanchórais a uasghrádú, chun dul in oiriúint an adhaimsir agus chun bheith céim chun tosaigh ar na ceanglais dhlíthiúla. Cabhraíonn sé sin le seirbhísí iontaofa agus sábháilte fuíolluisce a chinntiú don todhchaí.

# 3. Straitéis Chomhoibríoch le Rannpháirtíocht Pobail agus Páirtithe Leasmhara

## 3.1. Réamheolas

Is gné ríthábhachtach í an chomhairliúchán poiblí chun a chinntiú go mbíonn an deis ag baill den phobal agus ag gach páirtí leasmhar a bheith páirteach i bhforbairt an CWS. I bpróiseas forbartha an CWS, leagtar béim ar thábhacht an chomhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. A bhuí leis an gcur chuige comhoibríoch sin, áirithítear trédhearcacht, cuimsitheacht, agus ionchorprú dearcthaí éagsúla i múnlú thodhchaí na bainistíochta fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí.

## 3.2. Léargais ó Chomhairliúchán Poiblí 1

Bailíodh léargas luachmhar ó pháirtithe leasmhara i gComhairliúchán Poiblí 1 a tionóladh i Samhradh 2024, agus dírigh sé ar réimsí ríthábhachtacha amhail caomhnú cháilíochta an uisce, bearta cosanta comhshaoil, agus tionchair an athraithe aeráide ar bhainistíocht fuíolluisce. Fuarthas seacht n-aighneacht déag maidir leis an gcomhairliúcháin inar clúdaíodh réimse leathan topaicí lena n-áirítear riachtanais bhonneagair, breithnithe fáis daonra, cosaintí comhshaoil, agus comhlíonadh reachtaíochta.

Mar fhreagairt ar an aiseolas a fuarthas, forbraíodh an dréacht-straitéis chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí na bpáirtithe leasmhara agus chun neart na gcóras bainistíochta fuíolluisce a threisiú. Léirítear leis an gcur chuige oiriúnaitheach sin tiomantas UÉ d’ionchur an phobail a ionchorprú ina phróiseas pleanála.

## 3.3. Comhairliúchán Poiblí 2 agus Céimeanna sa Todhchaí

Déanfar dara babhta den chomhairliúchán poiblí ar feadh ocht seachtaine ó mhí Eanáir 2026. Déanfaimid imeacht pearsanta a óstáil mar aon le seimineár gréasáin le linn na tréimhse comhairliúcháin. Sa chéim sin, tugtar deis do pháirtithe leasmhara athbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht-CWS, ar an Tuarascáil um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, agus ar an Ráiteas Tionchair Natura agus trácht a dhéanamh orthu. Beidh páirtithe leasmhara reachtúla agus ranna rialtais ábhartha rannpháirteach go gníomhach le linn an phróisis sin.

Tá Straitéis Fuíolluisce Chorcaí dheiridh le foilsiú go luath sa Samhradh 2026. Agus cineál dinimiciúil na ndúshlán comhshaoil agus forbartha uirbí á aithint ag UÉ, gabhann sé chuige féin athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar an CWS gach cúig bliana. Cinnteofar leis an gcur chuige sin go mbeidh an straitéis ábhartha, éifeachtach i gcónaí agus go mbeidh sí inoiriúnaithe i gcónaí do chúinsí atá ag athrú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

## 4. Modheolaíocht Cur Chuige


Forbraíodh dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí de réir próiseas soiléir céim ar chéim a leanann dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áirítear leis sin:

**Príomhchodanna den Straitéis**

- Measúnú ar an mBonneagar Reatha - Measúnú a dhéanamh ar líonraí fuíolluisce, ar stáisiún caidéalúcháin agus ar ionaid chóireála atá ann cheana chun réimsí ina bhfuil feabhas de dhíth a shainaithint.
- Réamh-mheastacháin Daonra - Tá sé ríthábhachtach go dtuigfear an tionchar a bheidh ag athruithe ar an daonra ar bhonneagar fuíolluisce. Féachtar sa straitéis ar phleananna forbartha áitiúla agus réigiúnacha chun daonraí agus úsáid talún amach anseo a réamh-mheas trí na blianta 2030, 2055, agus 2080.
- Meastachán a Dhéanamh ar Shreafaí Fuíolluisce Amach Anseo - Bunaithe ar réamh-mheastacháin daonra agus staidéar ar shreafaí fuíolluisce atá ann cheana, meastar leis an straitéis an méid fuíolluisce a chaithfear a bhailiú agus a chóireáil i ngach lonnaíocht trí na blianta 2030, 2055, agus 2080.
- Ardteicnící Samhaltaithe - Úsáideann an straitéis samhaltú hiodrálach agus samhaltú cáilíochta uisce araon. Cuirtear san áireamh sna samhlacha sin tosca amhail an t-athrú aeráide i gcásanna amach anseo:
    - Cuidíonn samhaltú hiodrálach an acmhainn riachtanach don líonra fuíolluisce a shainaithint agus riachtanais amach anseo a réamh-mheas.
    - Déantar measúnú leis an samhaltú cáilíochta uisce ar an tionchar a bheidh ag sceitheadh fuíolluisce reatha agus amach anseo ar na huiscí glactha.
- Ionchais Chomhshaoil - Tionchair ar an gcomhshaoil a mheas agus a chinntiú go gcomhlíonann gach plean na ceanglais dhlíthiúla.
- Réitigh a Fhorbairt agus Measúnú a Dhéanamh Orthu - Is é croílár na straitéise ná cuir chuige fhéideartha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna bainistíochta fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu. Is é an sprioc na réitigh straitéiseacha draenála agus cóireála fuíolluisce is fearr don limistéar staidéir ar fad a dhearbhú. Déantar é sin sa phróiseas Forbartha Straitéise agus Roghanna, chun na réitigh draenála agus chóireála is éifeachtaí le haghaidh Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí a shainaithint ar fud trí thréimhse pleanála: 2030 (gearrthéarmach), 2055 (meántéarmach) agus 2080 (fadtéarmach) trí roinnt cur chuige indéanta a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu agus an cur chuige is fearr a chuirfear chun feidhme a dhearbhú.

  Sainaithnítear i Straitéis Fuíolluisce Chorcaí 11 fho-abhantrach laistigh de Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí, de réir mar a léirítear i bhFíor 4-1 thíos agus de réir mar a phléitear a thuilleadh i gCuid 10. Dá bharr sin, ligtear dúinn cur chuige níos dírithe a ghlacadh,

pleanáil go héifeachtach agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais, ar na brúnna agus ar na dúshláin ar leith a bhaineann le gach fo-abhantrach.




**Fíor 4-1: Fo-abhantracha laistigh de Mhórcheantar Cathrach Chorcaí**

Tar éis sin, déanaimid imscrúdú ar an gcaoi a n-oibríonn na 26 Ionad Cóireála Fuíolluisce ar fud an limistéir laistigh de na fo-abhantraigh faoi seach dá gcuid. Díríonn an anailís seo ar dheiseanna barrfheabhsaithe a shainaithint.

- Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara - Áirítear le próiseas na forbartha straitéise rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear údaráis áitiúla, saineolaithe tionscail, údaráis chomhshaoil agus an pobal. Cuidíonn sé sin le léargas a fháil agus an straitéis a ailíniú le riachtanais phobail níos leithne.

Sainaithníodh **an Cur Chuige Molta** de bharr an chuir chuige mhionchúisigh seo — is creat straitéiseach é seo a chomhtháthaíonn na réitigh is oiriúnaí do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí ar an iomlán. Tugtar achoimre ar na bearta is fearr chun acmhainn chóireála, éifeachtacht draenála, agus feidhmíocht fhoriomlán an líonra a fheabhsú. Is é toradh deiridh an phróisis sin doiciméad Straitéis Fuíolluisce Chorcaí. Léirítear sa doiciméad sin:

- An **Cur Chuige Molta** chun freastal ar riachtanais fuíolluisce Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí amach anseo.
- Infheistíochtaí riachtanacha chun an straitéis a chur chun feidhme.
- Plean cur chun feidhme arna mholadh chun teacht leis an bhfás réamh-mheasta agus sreafaí méadaithe fuíolluisce.

# 5. Feidhmíocht Reatha an Bhonneagair

## 5.1. Bonneagar Fuíolluisce atá ann cheana

Freastalaíonn bonneagar fairsing fuíolluisce ar Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí a fhreastalaíonn ar os cionn 25 baile agus sráidbhaile, Cathair Chorcaí san áireamh. Tá meascán de líonraí séarachais ar leith agus comhcheangailte sa chóras sin, lena n-áirítear 26 ionad cóireála fuíolluisce, 193 stáisiún caidéalúcháin, 225 forsceitheadh uisce stoirme, agus 1,300km de phíblíne. Tá UÉ tiomanta don bhonneagar ríthábhachtach seo a fheabhsú ar bhonn leanúnach chun freastal ar riachtanais an réigiúin atá ag méadú fad atá an comhshaol á chosaint acu. Tá measúnú déanta ag UÉ ar an mbonneagar fuíolluisce atá ann cheana sa limistéar staidéir, agus cuirtear bonn eolais faoi le torthaí staidéir agus measúnuithe éagsúla a rinneadh go dtí seo. Déantar measúnú ar acmhainn, riocht agus feidhmíocht na n-ionad cóireála fuíolluisce reatha, na líonraí séarachais agus na saoráidí gaolmhara a fhreastalaíonn ar Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí sna staidéir sin. Mar sin, ligtear dúinn tuiscint a fháil ar na gníomhartha atá de dhíth chun córas inbhuanaithe bainistíochta agus cóireála fuíolluisce a fhorbairt amach anseo.

## 5.2. Timpeallacht Uisce Glactha

Tá timpeallacht uisce Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí casta agus suntasach ó thaobh na héiceolaíochta de, agus tá abhantracha móra abhann ann lena n-áirítear an Ghlaise Bhuí, an Abhainn Bhuí, Abhainn na Cora, agus an Laoi. Sruthaíonn na haibhneacha sin isteach i gCuan Chorcaí ar deireadh, rud a chruthaíonn éiceachóras uisceach éagsúil. Tá Cuan Chorcaí féin lán de ghnáthóga luachmhara inbhir, cósta agus mara, agus tá go leor acu faoi chosaint faoi ainmniúcháin éagsúla amhail Limistéir Caomhantais Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta. Tá uiscí sliogéisc ainmnithe sa cheantar freisin, rud a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann le cáilíocht an uisce a chothabháil ar chúiseanna éiceolaíocha agus eacnamaíocha araon. Trí thuiscint a fháil ar thimpeallacht uisce an cheantair, ligtear dúinn measúnú a dhéanamh ar aon tionchar comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt na straitéise.

## 5.3. Feidhmíocht Ionad Cóireála Fuíolluisce

Chun éifeachtacht an chórais cóireála fuíolluisce a áirithiú, rinne Uisce Éireann measúnú ar na hionaid chóireála fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí. Dhírigh an mheastóireacht seo ar acmhainneachtaí reatha, próisis chóireála, comhlíonadh ceadúnas urscaoilte agus treoracha AE, chomh maith le saincheisteanna oibríochtúla agus pleananna uasghrádaithe don todhchaí. San anailís mhionsonraithe ar gach ionad cóireála fuíolluisce, faightear léargas ar na dúshláin shonracha agus ar na feabhsuithe atá beartaithe, rud a fheidhmíonn mar threoirphlean do fheabhsuithe amach anseo.

Sainaithníodh le hathbhreithniú ar ionaid chóireála fuíolluisce laistigh den Limistéar Staidéir roinnt tionscadal a bhféadfadh a chur i bhfeidhm faoin mbliain 2030 chun comhlíonadh agus acmhainn a choinneáil ag roinnt ionad cóireála fuíolluisce. Tá sonraí an tionscadail faoi réir ag athbhreithniú bliantúil maidir le hacmhainn agus comhlíonadh.

## 5.4. Infheistíocht Chaipitil i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí

Tá UÉ ag obair go gníomhach ar bhonneagar fuíolluisce Mhórcheantar Cathrach Chorcaí a fheabhsú, i dteannta Straitéis Fuíolluisce Chorcaí. Cuireadh tionscadail bhonneagair ríthábhachtacha áitiúla i gcrích agus leantar lena gcur i gcrích ar fud Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí. Tá tionscadail agus cláir ríthábhachtacha ar siúl chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna bonneagair fuíolluisce agus níl aon tionchar ná moill orthu mar gheall ar sholáthar an CWS. Áirítear leis na tionscadail seo uasghráduithe líonra, stáisiún fuíolluisce/caidéalúcháin, oibreacha cothabhála agus oibreacha caipitil. Leis na hoibreacha seo, cumasaítear fás agus forbairt amach anseo, laghdú ar riosca sócmhainní agus seirbhísí, agus laghdú ar thuilte.

# 6. Feidhmíocht sa Todhchaí

Tá go leor dúshlán roimh líonra fuíolluisce Mhórcheantar Cathrach Chorcaí, rudaí a mhúnlóidh cinntí infheistíochta agus pleanála amach anseo. Aithníonn UÉ castacht na saincheisteanna fadtéarmacha seo agus tá sé tiomanta aghaidh a thabhairt orthu trí Straitéis Fuíolluisce Chorcaí a sholáthar. Déantar na dúshláin seo a leanas a mheas i bhforbairt an **Chuir Chuige Molta**.

- Tá fás daonra agus eacnamaíoch i Mórcheantar Cathrach Chorcaí ag tiomáint an éilimh mhéadaithe ar sheirbhísí fuíolluisce, lena n-éilítear acmhainneachtaí cóireála níos mó agus athléimneacht fheabhsaithe líonra. Éilíonn an leathnú seo bonneagar nua agus uasghrádaithe, chomh maith le cur chuige bainistíochta comhtháite chun córais atá ann cheana a bharrfheabhsú.
- Cuireann an t-athrú aeráide dúshláin shuntasacha roimh bhonneagar fuíolluisce Mhórcheantar Cathrach Chorcaí, go háirithe trí mhéadú ar bháisteach, rioscaí tuilte agus ardú ar leibhéal na farraige. Tagann dúshláin le méaduithe teochta freisin, rud a chuireann bláthú algaí agus fás baictéarach chun cinn in uiscí glactha. Le chéile, bagraíonn na tosca seo a bhaineann leis an aeráid éifeachtúlacht agus athléimneacht chórais fuíolluisce Mhórcheantar Cathrach Chorcaí, lena n-éilítear straitéisí oiriúnaitheacha.
- Tá dúshláin chomhlíontacha shuntasacha os comhair bhonneagar fuíolluisce Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí. Bíonn roinnt ionad cóireála fuíolluisce ag streachailt lena gcoinníollacha ceadúnais a chomhlíonadh, agus bíonn fadhbanna ag baint le hinsíothlú agus sreabhadh isteach i líonraí fuíolluisce. Éilítear ar uasghrádú leanúnach chun caighdeáin sceite a chomhlíonadh agus chun dochar éiceolaíoch a chosaint faoi rialacháin níos déine fuíolluisce agus comhshaoil an AE.
- Is saincheist phráinneach í an acmhainn chóireála fuíolluisce, agus roinnt ionad ag feidhmiú ag an acmhainn deartha nó gar di. Cuirtear leis an bhfadhb seo an fás daonra agus an fhorbairt eacnamaíoch atá tuartha, rud a d’fhéadfadh rioscaí comhlíontachta comhshaoil a chruthú agus bac a chur ar fhorbairt amach anseo. Cuireann éagsúlachtaí séasúracha agus imeachtaí aimsire báistí brú ar an gcóras, agus mar thoradh orthu bíonn forsceitheadh sna seach-chanálacha nó sna séaraigh comhcheangailte le linn tréimhsí ardbháistí.
- Tá brú curtha ar an mbonneagar fuíolluisce atá ann cheana mar gheall ar an bhfás uirbeach tapa agus ar an bhforbairt thionsclaíoch i Mórcheantar Cathrach Chorcaí, rud a fhágann go bhfuil méadú tagtha ar scaoileadh fuíolluisce isteach i ndobharlaigh áitiúla. Tá tionchar ag an bhfás seo ar chóras draenála an cheantair freisin, rud a chuireann le fadhbanna leanúnacha, agus cothaithigh, ábhar orgánach, agus truailleáin a d'fhéadfadh a bheith díobhálach in éiceachórais uisceacha íogaire. Bíonn an córas séarachais chomhcheangailte i gcodanna de chathair Chorcaí thar a bheith leochaileach i mbáisteach throm, rud a fhágann go mbíonn sceitheadh uisce stoirme ann a scaoileann fuíolluisce neamhchóireáilte atá caolaithe le huisce stoirme isteach sna huiscí glactha.

- Is dúshlán suntasach eile é bonneagar atá ag dul in aois, agus cothabháil nó athsholáthar suntasach ag teastáil ó go leor sócmhainní chun a áirithiú go leanfar le soláthar seirbhíse. Aithníonn UÉ an gá atá le cur chuige nua, comhtháite agus nuálacha chun réitigh a sheachadadh. Gan an idirghabháil réamhghníomhach, réamh-mheastar go dtiocfaidh meath suntasach ar fheidhmíocht seirbhíse faoin mbliain 2080.
- Is príomhfhócas ag UÉ í an éifeachtúlacht fuinnimh, agus spriocanna uaillmhianacha leagtha síos chun astaíochtaí $CO_2$ a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Éilíonn na spriocanna seo athchóiriú ar chleachtais reatha fuinnimh i mbonneagar fuíolluisce, lena n-áirítear dearaí atá tíosach ar fhuinneamh a chur i bhfeidhm agus gach próiseas a bharrfheabhsú, lena n-airítear caidéalú, aerú agus cóireáil sloda.
- Beidh tionchar suntasach ag reachtaíocht, rialáil agus beartas atá ag athrú i gcónaí ar sheachadadh seirbhísí fuíolluisce. Cé go bhfáiltíonn UÉ roimh fheabhsuithe a thacaíonn le cuspóirí comhshaoil agus inbhuanaitheachta, beidh infheistíochtaí amach anseo de dhíth ag na hathruithe seo. Tabharfar isteach ceanglais níos déine maidir le cóireáil fuíolluisce leis an Treoir athmhúnlaithe maidir le Fuíolluisce Uirbeach, rud a mhéadóidh an leibhéal infheistíochta a bheidh ag teastáil agus an t-éileamh fuinnimh gaolmhar ag na saoráidí seo. Chun cothromaíocht a bhaint amach idir éilimh iomaíocha, amhail tomhaltas fuinnimh a laghdú agus ceanglais chóireála níos déine á gcomhlíonadh ag an am céanna, beidh gá le réitigh nuálacha agus comhoibriú tras-earnála.
- D’fhéadfadh dálaí eacnamaíocha tionchar suntasach a imirt ar sheachadadh seirbhísí fuíolluisce, go háirithe i ndáil le hinfheistíocht caipitil sa bhonneagar. Tá cur chuige infheistíochta cobhsaí, réamhbhreathnaitheach ríthábhachtach chun athléimneacht agus inbhuanaitheacht seirbhísí uisce a áirithiú, beag beann ar luaineachtaí eacnamaíocha.
- Tá breithnithe oibríochtúla ríthábhachtach chun bonneagar fuíolluisce a bhainistiú go héifeachtach. Tá UÉ ag díriú ar stáisiúin chaidéalaithe a bharrfheabhsú, nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha a fhorbairt agus cloí leo, méideanna sceitheadh sreabhadh uisce báistí a laghdú, agus monatóireacht agus uathoibriú líonra a fheabhsú. Tá sé mar aidhm ag na hiarrachtaí seo éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú, an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, agus comhlíonadh caighdeán rialála a áirithiú.
- Tá breithnithe comhshaoil agus sóisialta bunúsach don CWS. I measc na bpríomhréimsí fócais, tá caighdeáin cáilíochta uisce a choinneáil, éiceachórais a chosaint trí ualaí cothaitheach agus truailleáin a laghdú, agus sláinte an phobail a chosaint.

# 7. An Mhodheolaíocht um Shamhaltú Líonra

Áirítear i Straitéis Fuíolluisce Chorcaí samhail draenála straitéiseach do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí chun feidhmíocht an líonra fuíolluisce atá ann cheana agus amach anseo a mheas. Feidhmíonn an tsamhail seo mar uirlis phleanála ríthábhachtach le haghaidh cinntí forbartha bonneagair agus infheistíochta.

Baineann an próiseas samhaltaithe leis na nithe seo a leanas:

- Measúnú a dhéanamh ar acmhainn agus rioscaí reatha an líonra.
- Réitigh straitéiseacha a fhorbairt do riachtanais amach anseo agus fás daonra agus éifeachtaí an athraithe aeráide á gcur san áireamh.
- Measúnú a dhéanamh ar roghanna uasghrádaithe éagsúla.
- Moltaí a dhéanamh le haghaidh feabhsuithe córais.

Is ionann príomhthorthaí an phróisis samhlaithe ná uasghráduithe líonra riachtanacha a leagadh amach ag suíomhanna ag a sainaithníodh laigí féideartha, feabhsuithe ar fhorsceitheadh uisce stoirme a mholadh ar mhaithe le sceitheadh fuíolluisce neamhchóireáilte go dobharlaigh a theorannú, agus stóráil fuíolluisce laistigh den líonra a bharrfheabhsú. Tá na moltaí a eascraíonn as an gcleachtadh samhaltaithe seo san áireamh sa **Chur Chuige Molta** do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an Samhlú Líonra san áireamh i **gCuid 8 de Dhoiciméad Dhréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí.**

## 8. An Samhaltú Cáilíochta Uisce

Mar chuid de Dhréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí, rinne Uisce Éireann measúnú tionchair ar cháilíocht uisce sna ceithre phríomhdhobharlach i gCorcaigh (An Ghlaise Bhuí, Abhainn na Baoi, Abhainn na Cora agus córas ilbhrainse na Laoi) agus na dobharlaigh mara atá i gcóras nádúrtha Chuan Chorcaí (lena n-áirítear Inbhir na Laoi agus Abhainn na Cora, Loch Machan, An Chuisle Thuaidh agus Cuan Chorcaí). Áirítear sna staidéir seo measúnú ar Chuspóirí na Creat-Treorach Uisce do gach dobharlach, limistéir ainmnithe faoi chosaint agus cuspóirí caomhnaithe do ghnáthóga faoi chosaint.

Úsáideadh torthaí an mheasúnaithe seo chun caighdeáin chóireála a mholadh ag gach ionad cóireála fuíolluisce agus chun tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí maidir le huasghrádaithe chun cáilíocht uisce a chosaint go dtí an tréimhse straitéise 2080.

Aimsíodh i dtorthaí na samhla go sáraíonn roinnt suíomhanna fionnuisce, mar gheall ar mheascán de phróisis nádúrtha agus gníomhaíochtaí daonna, na caighdeáin cáilíochta comhshaoil cheana féin i gcás truailleán éagsúil, rud a fhágann go bhféadfadh go mbeadh ualaí urscaoilte níos ísle ag teastáil ó roinnt ionad cóireála fuíolluisce faoin mbliain 2080 chun cáilíocht an uisce a choinneáil.

Aimsíodh sa mheasúnú gur féidir an tionchar comhshaoil a laghdú gan gá le cóireáil bhreise trí sceitheadh áirithe ó ionaid chóireála fuíolluisce i gceantair ina bhfuil teorannacha sceite diana go suíomhanna sceite ina bhfuil sruthlú níos fearr iontu, agus mar chuid den mheasúnú, rinneadh scrúdú ar shuíomhanna sceite éagsúla d'ionaid chóireála fuíolluisce.

Cuirtear torthaí an staidéir seo san áireamh sa chéim Roghanna agus **Cur Chuige Molta** á bhforbairt chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhonneagair fuíolluisce Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an Samhlú Caighdeáin Uisce san áireamh i **gCuid 9 de Dhoiciméad Dhréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí.**

# 9. Scrúdú Roghanna agus Forbairt Réiteach

Rinneadh próiseas Roghanna ag Uisce Éireann chun na réitigh draenála agus cóireála fuíolluisce is éifeachtaí le haghaidh Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí a shainaithint agus a rangú ar fud na trí thréimhse pleanála: 2030 (gearrthéarmach), 2055 (meántéarmach), agus 2080 (fadtéarmach). Is féidir sonraí iomlána an Phróiseas Scrúdaithe Roghanna a fháil sa Tuarascáil maidir le Forbairt Scrúdaithe Roghanna agus Réiteach.

Lean an Próiseas Scrúdaithe Roghanna modheolaíocht struchtúrtha chúig chéim de réir mar a shonraítear thíos.

## 9.1. Céim 1 - An Riachtanas a Shainaithint

Is éard atá sa chéad chéim ná na riachtanais fuíolluisce atá de dhíth ar Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí a shainaithint chun fás daonra agus eacnamaíoch a áirithiú amach anseo, ag féachaint ar thrí phríomhréimse: acmhainn chóireála, acmhainn líonra, agus caighdeáin chomhshaoil. Cruthaíonn sé seo pictiúr soiléir de na dúshláin atá romhainn anois agus amach anseo.

## 9.2. Céim 2 – Liosta Fada de Roghanna Neamhshrianta

Sa dara céim den phróiseas Scrúdaithe Roghanna agus Forbairt Réiteach, déantar gach réiteach féideartha a shainaithint, in ainneoin impleachtaí costais, comhshaoil ná sóisialta. Cruthaíodh liosta cuimsitheach de na réitigh féideartha go léir agus glaoitear Liosta Neamhshrianta Roghanna air. Leis an gcur chuige seo, táimid in ann smaointe nuálacha a mheas taobh le réitigh níos traidisiúnta. Tá achoimre ar liosta iomlán na Roghanna Neamhshrianta d'ionaid agus do líonra cóireála fuíolluisce i dTábla 9-1 agus i dTábla 9-2. Tabhair do d'aire go dtagraíonn aistriú ualaigh fuíolluisce do fhuíolluisce atá réamhchóireáilte (scagtha) agus a aistrítear chuig ionad cóireála fuíolluisce malartach.

**Tábla 9-1: Liosta na Roghanna Neamhshrianta ICFU**

| Rogha | Cur Síos |
|---|---|
| A0 - Déan Dada | Frithfhíorasach a úsáidtear do bheart(a) scagtheástála |
| A1 - Uasghrádú Íosta – Próiseas a Bharrfheabhsú | Cothabháil Chaipitil/Athchóiriú Sócmhainní; Pátrún Oibriúcháin Malartach; Réitigh Barrfheabhsaithe a Shainaithint |
| Rogha A2 – An tIonad atá ann cheana a Athúsáid agus a Uasghrádú (Sceitheadh atá ann cheana) | Uasghrádú Acmhainne; Ceanglais Chóireála sa Bhreis/Teicneolaíochtaí Malartacha |
| Rogha A3 - An tIonad atá ann cheana a Athúsáid agus a Uasghrádú (Sceitheadh Malartach) | Uasghrádú Acmhainne; Ceanglais Chóireála sa Bhreis; Bealach Sceite Eisiltigh Deiridh go Sceitheadh Nua |
| Rogha A4 – Próiseas Cóireála Nua/Uasghrádú Ionaid ar an Láithreán atá ann cheana | Uasghrádú Iomlán na hAcmhainne ar Láithreán atá ann Cheana (sa chás gur sáraíodh saolré sócmhainní atá ann cheana agus tá gá le hathsholáthar); D'fhéadfadh sé go n-áireofaí Ceanglais |

| | |
|---|---|
| | Chóireála Bhreise/Teicneolaíochtaí Malartacha; Suíomh Sceite atá ann Cheana nó Suíomh Sceite Nua le sainaithint |
| Rogha A5- Láithreán Úrnua Nua | ICFU nua ar Láithreán Úrnua nua; D'fhéadfadh sé go n-áireofaí Ceanglais Chóireála Bhreise/Teicneolaíochtaí Malartacha; Suíomh Sceite atá ann Cheana nó Suíomh Sceite Nua le sainaithint |
| Rogha A6 – Réiteach don Aistriú Ualaigh Fuíolluisce | Déantar aistriú fuíolluisce ó láithreán atá ann cheana amháin a mheas, is é sin, ní áirítear atreorú líonra |

**Tábla 9-2: Liosta Neamhshrianta Roghanna na Líonraí**

| Rogha | Cur Síos |
|---|---|
| 1 – Déan Dada | Frithfhíorasach a úsáidtear do bheart(a) scagthástála |
| 2 – Scaradh Stoirme | Na córais séarachais le chéile a dheighilt ina bpíobáin ar leithligh don fhuíolluisce agus don uisce báistí, lena ndírítear ar bhainistiú uisce a fheabhsú agus rioscaí truaillithe a laghdú |
| 3 – Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) | Rith chun srutha a bhainistiú chun na tionchair ar an líonra agus ar an sruthchúrsa áitiúil a íoslaghdú |
| 4 – Insíothlú/Scaradh Taoide | Insíothlú stórais ithreach agus pointe iontrála na taoide a dheighilt ón líonra le chéile agus bréanuisce |
| 5 – Iompar/Acmhainn Líonraí | A líonra atá ann cheana a uasghrádú chun acmhainn laistigh den líonra a mhéadú |
| 6 – Barrfheabhsú Córais | An líonra agus láithreáin choimhdeacha atá ann cheana a bharrfheabhsú le socrúcháin láidre amhail rialuithe caidéil |
| 7 – Aistriú Srutha | Acmhainn a úsáid trí shruth idir abhantraigh agus fo-abhantraigh a cheangail agus a aistriú |
| 8 – Stóráil ar Líne | An líonra/sócmhainn atá ann cheana a mhéadú chun sruth ar ais sa líonra a choinneáil agus chun an tionchar le sruth a laghdú |
| 9 – Stóráil as Líne | Toirt stórála sa bhreis beartaithe chun sreafaí a choinneáil go sealadach, lena ligtear do sceitheadh rialaithe ar ais sa líonra trí mheán domhantarraingthe, le ráta sceite teoranta nó le meicníocht chaidéil ar ais |

## 9.3. Céim 3 – Scagadh Garbh ar Liosta Fada Roghanna

Sa chéad chéim eile, áirítear Uisce Éireann ag tabhairt faoi phróiseas scagthástála ag a bhfuil an sprioc chun aon rogha nach bhfuil indéanta go soiléir a bhaint. Déantar scagthástáil ar gach rogha in aghaidh critéir teicneolaíochta agus comhshaoil agus baintear roghanna nach bhfuil indéanta agus cuirtear roghanna indéanta ar aghaidh go Céim 4 le haghaidh tuilleadh measúnaithe. Le linn an phróisis scagthástála, rinneadh meastóireacht ar 714 rogha ar leith le linn thrí thréimhse straitéise do na hIonaid Chóireála Fuíolluisce. San iomlán, éiríonn le 237 rogha i gcéim an gharbh-scagthástála agus cuirtear ar aghaidh iad chuig an mionscagadh.

## 9.4. Céim 4 – An Mionscagadh

Bíonn na roghanna atá fágtha ansin faoi réir ag measúnú níos mionsonraithe a úsáideann Measúnú Ilchritéar (MCA) chun leasanna agus tionchair fhéideartha ar fud príomhchritéar a mheas. Déantar tosca amhail tionchar ar an gcomhshaol, feidhmíocht theicniúil agus costas mar aon le riachtanais fuíolluisce Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí a mheas in MCA.

Le linn an phróisis sin, déanann UÉ measúnú ar an méid seo a leanas:

- an chaoi a n-éiríonn le gach rogha tabhairt faoi riachtanais amach anseo,
- cé chomh éasca is atá sé chun é a chur i bhfeidhm,
- an tionchar comhshaoil agus inbhuanaitheacht atá ag baint leis,
- an chaoi a n-oireann sé le córais atá ann cheana agus pleananna amach anseo, agus
- cé chomh solúbtha is atá sé chun é a chur in oiriúint do dhálaí athraitheacha.


Tugadh scór do na roghanna ar fad ar an ngearrliosta a ndearnadh mion-scagthástáil orthu bunaithe ar chritéir an MCA arna liostú thíos agus déantar rangú orthu bunaithe ar a n-oiriúnacht lena gcur i bhfeidhm mar chuid de Straitéis Fuíolluisce Chorcaí.

- Aghaidh a thabhairt ar an Riachtanas
- Cumas chun an Rogha a Sholáthar
- Riosca agus Athléimneacht
- Tacaíocht do Chustaiméirí agus do Pháirtithe Leasmhara
- Comhshaol agus Inbhuanaitheacht
- Costas

## 9.5. Céim 5 – Measúnú Deiridh na Roghanna ar an nGearrliosta

Sa chúigiú céim den phróiseas Scrúdaithe Roghanna agus Forbartha Réiteach, déantar an chaoi a d'fhéadfadh na roghanna éagsúla oibriú le chéile ar fud 11 fho-abhantrach Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí a sainaithníodh a mheas chun feidhmíocht fhéideartha an bhonneagair agus an líonra fuíolluisce a bharrfheabhsú. Cabhraíonn sé sin linn an chaoi a d'fhéadfadh na córais fuíolluisce a bheith ag oibriú le chéile agus i mbealach níos éifeachtaí laistigh de gach abhantrach a phleanáil. Chruthaigh comhtháthú roghanna aonair Cur Chuige Féideartha d'fho-abhantrach ar leith de Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí.

Ba í an chéim dheireanach ná measúnú a dhéanamh ar ár gCuir Chuige Féideartha do gach fo-abhantrach laistigh de Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí agus **Cur Chuige Molta** foriomlán a fhorbairt, de réir mar a léirítear i bhFíor 9-1 thíos.




**Fíor 9-1: Forbairt Tháscach Cur Chuige Indéanta agus an Chuir Chuige Molta**

# 10. Torthaí an Scrúdaithe Roghanna

## 10.1. An Mhodheolaíocht Scrúdaithe Roghanna

De réir mar a phléitear i gCuid 4, chun críche Straitéis Fuíolluisce Chorcaí, roinntear Mórcheantar Uirbeach Chorcaí ina fho-abhantraí níos lú, ina bhfuil líon difriúil ionad cóireála fuíolluisce (ICFU) i ngach ceann acu de réir mar a thaispeántar i dTábla 10-1 thíos.

**Tábla 10-1: Fo-abhantracha laistigh de Mhórcheantar Cathrach Chorcaí**

| Fo-Abhantrach | Ceirtleáin |
|---|---|
| Fo-abhantrach 1 – An Bhlarna, an Chúirt Bhreac, an Druipseach agus Inis Cara | ICFU na Blarnan |
| | ICFU na Cúirte Brice |
| | ICFU na Druipsí |
| | ICFU Inis Cara |
| Fo-abhantrach 2 – Na Cillíní agus an Mhóin Ard | ICFU na gCillíní |
| | An Mhóin Ard |
| Fo-abhantrach 3 – Carraig na bhFear, Greanach agus an Teampall Geal | ICFU Charraig na bhFear |
| | ICFU Ghreanaí |
| | ICFU an Teampaill Fhinn |
| Fo-abhantrach 4 – Cnoc Rátha agus Cnocán na Biolraí | ICFU Chnoc Rátha |
| | ICFU Chnocán na Biolraí |
| Fo-abhantrach 5 - Carraig Ghrianáin | ICFU Charraig Ghrianáin |
| Fo-abhantrach 6 – Baile Garbháin, Halfway agus Droichead an Mhionnáin | ICFU Bhaile Garbháin |
| | ICFU Halfway |
| | ICFU Dhroichead an Mhionnáin (River Valley) |
| Fo-abhantrach 7 – Baile an Chollaigh agus Cill na hOmnaí | ICFU Bhaile an Chollaigh |
| | ICFU Chill na hOmnaí |
| Fo-abhantrach 8 – Cuan Íochtarach Chorcaí | ICFU Chuan Íochtarach Chorcaí |
| Fo-abhantrach 9 – Carraig Thuathail agus Mainistir na Corann | ICFU Charraig Thuathail |
| | ICFU Mhainistir na Corann |
| Fo-abhantrach 10 – An Baile Mór, Cluain, An Cóbh Thuaidh, Sáilín agus an Geata Bán-Áth Fhada | An Baile Mór |
| | ICFU Chluana |
| | ICFU an Chóibh Thuaidh |
| | ICFU Sháilín |

| Fo-Abhantrach | Ceirtleáin |
|---|---|
| | ICFU an Gheata Bháin-Áth Fhada |
| Fo-abhantrach 11 – Baile an Churraigh, Léim Lára agus Lios Cúil | ICFU Bhaile an Churraigh |
| | Léim Lára |
| | ICFU Lios Cúil Theas |
| | ICFU Lios Cúil Thuaidh |

Cé go ndéantar measúnú ar gach ICFU go neamhspleách, cuirtear an fho-abhantrach iomlán san áireamh agus roghanna féideartha á bhforbairt chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhonneagair fuíolluisce an réigiúin chun cur chuige iomlánaíoch a áirithiú. Léiríodh sa mheasúnú go bhfuil athrú mór tagtha ar roghanna inmharthana thar thréimhsí éagsúla ama. Sa tréimhse straitéise 2030, d'éirigh le réitigh ghearrthéarmacha, go háirithe mionoibreacha uasghrádaithe, sa phróiseas scagthástála. Mar sin féin, níor leor na roghanna céanna sin nuair a rinneadh meastóireacht orthu in aghaidh na tréimhse straitéise 2080. D'eascair an diúltú sin go príomha as ábhair imní maidir le saolré theoranta dearaidh na sócmhainní atá ann cheana agus an gá atá le cur chuige níos inbhuanaithe agus níos fadtéarmaí.

Dá bhrí sin, bhí cás 2080 i bhfabhar Roghanna amhail mór-uasghráduithe agus aistriú fuíolluisce go láithreáin mhalartacha, rud a léirigh pasráta níos airde sa phróiseas garbh-scagthástála. Cuireann an treocht sin i dtábhacht a ríthábhachtaí atá sé tráthchláir shínte agus fad saoil infheistíochtaí bonneagair i bpleanáil amach anseo a mheas. Leagtar béim san anailís ar an ngá atá le straitéisí oiriúnaitheacha lenar féidir freastal ar riachtanais láithreacha agus ar spriocanna inbhuanaitheachta fadtéarmacha araon i bhforbairt bonneagair cóireála fuíolluisce.

Mar thoradh ar an bpróiseas seo, tá 30 "Cur Chuige Féideartha" ann ar fud 11 fho-abhantrach.

Ionchorpraíonn na Cuir Chuige seo teaglamaí de na roghanna is airde scór a dhíorthaítear ón gCéim Roghanna. Déantar anailís agus breithniú ar gach Cur Chuige Féideartha, agus comhthéacs níos leithne Straitéis Fuíolluisce Chorcaí á chur san áireamh. Áirithíonn an cur chuige seo nach amháin gurb é an C**ur Chuige Molta** deiridh an rogha is fearr don fho-abhantrach aonair ach go bhfuil sé ailínithe le cuspóirí foriomlána Straitéis Fuíolluisce Chorcaí agus go dtacaíonn sé leo freisin. **Tá achoimre ar na Cuir Chuige Féideartha a forbraíodh mar thoradh ar an bPróiseas Roghanna do gach fo-abhantrach laistigh de** Mhórcheantar Cathrach Chorcaí **i dTáblaí 11-2 go 11-12 de Dhréacht-Doiciméad Straitéis Fuíolluisce Chorcaí.**.

Chomh maith leis na Cuir Chuige Féideartha do na hIonaid Chóireála Fuíolluisce i ngach fo-abhantrach a luadh níos luaithe, breithníodh idirghabhálacha féideartha líonra fuíolluisce ar fud Mhórcheantar Cathrach Chorcaí freisin agus Cuir Chuige Féideartha á bhforbairt don réigiún. Tá na hidirghabhálacha seo deartha chun méid agus minicíocht na n-urscaoiltí ó Fhorleathana Uisce Stoirme a mhaolú agus tuilte amach as an séarach a laghdú laistigh den limistéar staidéir. **Tá achoimre orthu seo i dTábla 11-13 de Dhréacht-Doiciméad Straitéis Fuíolluisce Chorcaí.**.

## 10.2. Measúnacht Timpeallachta

Is príomhthosca iad cosaint agus inbhuanaitheacht an chomhshaoil i dtaca le Cuir Chuige Féideartha a fhorbairt. Is é is aidhm don straitéis ailíniú le spriocanna náisiúnta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh i gcóireáil fuíolluisce a fheabhsú. Áirítear sa phróiseas measúnaithe measúnachtaí ar an tionchar ar an gcomhshaol agus déantar tosca amhail an bhithéagsúlacht, athléimneacht aeráide, agus prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a mheas. **Leagtar amach na measúnuithe in Aguisín 1 de Thuarascáil Chomhshaoil na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MST) agus in Aguisín 2 de Ráiteas Tionchair Natura (RTN).**

Sa Tuarascáil Timpeallachta MST agus sa RTN, leagadh amach na cuir chuige mhaolaithe ghinearálta a theastaíonn agus na bearta maolaithe nó feabhsúcháin sainiúla don phlean ina iomláine nó do chuir chuige aonair.

Is í an chonclúid atá sa RTN, bunaithe ar mheasúnú ar leibhéal an phlean ar an dréacht-Straitéis, agus le maolú cuí arna chur i bhfeidhm chun láithreáin Eorpacha a chosaint, nach mbeidh aon iarmhairt diúltach ar shláine aon láithreá(i)n Eorpach(a), ina aonar nó i dteannta le pleananna nó tionscadail eile mar thoradh ar na **Cuir Chuige Molta** a chur ar aghaidh laistigh den dréacht-Straitéis.

Tabharfar faoi mheasúnuithe comhshaoil mionsonraithe de réir mar is gá do thionscadail aonair de réir mar a chuirtear chun cinn iad i dtreo cur chun feidhme. Áirithítear leis sin go ndéanfar meastóireacht ar gach tionscadal sonrach maidir lena thionchar ar an gcomhshaol agus lena indéantacht sula leanfar ar aghaidh leis

# 11. Cur Chuige Molta agus Cur Chun Feidhme na Straitéise


## 11.1. An Cur Chuige Molta

Tar éis na Céime Roghnúcháin, forbraíodh **Cur Chuige Molta** chun fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí a bhainistiú go dtí an bhliain 2080. Cuirtear tús leis an bpróiseas trí athbhreithniú a dhéanamh ar na Cuir Chuige Fhéideartha do gach fo-abhantrach. Is é atá i gceist leis an bpróiseas sin ná measúnú a dhéanamh ar gach cur chuige chun a chomhoiriúnacht le fo-abhantracha eile laistigh de Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí a chinneadh. Cuirtear an próiseas forbartha Chur Chuige sin i gcrích trí mheascán de cheardlanna arna dtacú ag próiseas um chaidreamh gníomhach agus idirphlé leanúnach idir saineolaithe teicniúla, lena n-áirítear Innealtóirí, Hidreolaithe agus Hidrigeolaithe, Éiceolaithe agus Eolaithe Comhshaoil a oibríonn go díreach chun an **Cur Chuige Molta** a fhorbairt. Mar thoradh air sin, sainaithníodh an **Cur Chuige Molta** do Straitéis Fuíolluisce Chorcaí lena n-aimsítear cothromaíocht idir riachtanais shonracha na n-ionad cóireála fuíolluisce aonair agus ceanglais fhoriomlána an mhórcheantair uirbigh, rud a fhágann go bhfuil córas níos comhtháite agus níos inbhuanaithe ann.


Tugtar achoimre sa **Chur Chuige Molta** ar na bearta is fearr chun acmhainn chóireála, éifeachtúlacht draenála, agus feidhmíocht fhoriomlán an líonra a fheabhsú. Is í gné lárnach den straitéis ná ionaid chóireála fuíolluisce níos lú ar leith a dhíchoimisiúnú, agus fuíolluisce a atreorú chuig saoráidí, láraithe níos mó atá ann cheana. Is é an gá le héifeachtacht oibríochta a fheabhsú, torthaí timpeallachta a fheabhsú, agus athléimneacht córais a neartú trí acmhainní agus bonneagar a neartú a spreagann an cur chuige seo.

Cuirfear na réitigh sin chun feidhme mar thionscadail agus tabharfar tosaíocht dóibh ar fud thrí thréimhse phleanála.

Cuimsítear sa Chur Chuige Molta na roghanna beartaithe do gach fo-abhantrach le forbhreathnú a thaispeántar i bhFíor 11-1 go 11-4 agus i dTábla 11-1 thíos agus **mionsonraítear é a thuilleadh i gCuid 12.1 de Dhoiciméad Dhréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí.**




**Fíor 11-1: Forbhreathnú ar Chur Chuige Molta Straitéis Fuíolluisce Chorcaí 2030 – Oibreacha ICFU**




**Fíor 11-2: Forbhreathnú ar Chur Chuige Molta Straitéis Fuíolluisce Chorcaí 2030 – Aistriú Fuíolluisce**




**Fíor 11-3: Forbhreathnú ar Chur Chuige Molta Straitéis Fuíolluisce Chorcaí 2055**




**Fíor 11-4: Forbhreathnú ar Chur Chuige Molta Straitéis Fuíolluisce Chorcaí 2080**

**Tábla 11-1: Cur Chuige Molta Straitéis Fuíolluisce Chorcaí**

| Abhantrach | T Cur Chuige Roghnaithe 2030 | Cur Chuige Roghnaithe 2055 | Cur Chuige Roghnaithe 2080 |
|---|---|---|---|
| **Fo-abhantrach 1 – An Bhlarna, an Chúirt Bhreac, an Druipseach agus Inis Cara** | | | |
| ICFU na Blarnan | • An ICFU a bharrfheabhsú le bheith comhlíontach le luachanna teorann astúcháin (ELV) reatha<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Aistriú fuíolluisce nua a thógáil go ICFU Charraig Ghrianáin trí Stáisiún Caidéalúcháin Bhaile Uí Mhaoláin atá ann cheana<br>• ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |
| ICFU Inis Cara | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Píobán tógtha aistrithe fuíolluisce go ICFU na Blarnan<br>• ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú | • Leanúint den SCFU a Oibriú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |
| ICFU na Druipsí | • An ICFU a bharrfheabhsú le bheith comhlíontach le luachanna teorann astúcháin (ELV) reatha<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid | • ICFU a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann cheana a mhéadú 250 PE go hacmhainn deartha nua 850 PE | • Leanúint den ICFU a oibriú<br>• Athsholáthar caipitil 600 PE d'acmhainn bhunaidh atá ann cheana de chuid an ICFU |
| ICFU na Cúirte Brice | • ICFU a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann cheana a mhéadú 600 PE go hacmhainn deartha nua 850 PE<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid | • Leanúint den ICFU a oibriú | • Leanúint den ICFU a oibriú<br>• Athsholáthar caipitil 250 PE d'acmhainn bhunaidh atá ann cheana de chuid an ICFU |
| **Fo-abhantrach 2 – Na Cillíní agus an Mhóin Ard** | | | |
| ICFU na gCillíní | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil | • Leanúint den SCFU a Oibriú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |

| Abhantrach | T Cur Chuige Roghnaithe 2030 | Cur Chuige Roghnaithe 2055 | Cur Chuige Roghnaithe 2080 |
|---|---|---|---|
| | • Píobán aistrithe fuíolluisce go Líonra Chathair Chorcaí a thógáil ag Páirc Gnó an Phointe Thuaidh<br>• ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú | | |
| An Mhóin Ard | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil ag an Móin Ard<br>• Aistriú fuíolluisce nua a thógáil (Péire Príomhlíonra)<br>• Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) idirmheánach nua a thógáil idir an Bhlarna agus Stáisiún Caidéalúcháin Bhaile an Mhulláin chun insreafaí ón Móin Ard agus ón mBlarna araon a thógáil<br>• Aistriú Fuíolluisce (Péire Príomhlíonra) nua a thógáil go ICFU Charraig Ghrianáin trí Stáisiún Caidéalúcháin Bhaile Uí Mhaoláin atá ann cheana | • Leanúint den SCFUnna a oibriú | • Leanúint den SCFUnna a oibriú |
| **Fo-abhantrach 3 – Carraig na bhFear, Greanach agus an Teampall Geal** | | | |
| ICFU Charraig na bhFear | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Píobán aistrithe fuíolluisce tógtha ó Charraig na bhFear go ICFU an Teampaill Ghil | • Leanúint den SCFU a Oibriú | • Leanúint den SCFU a oibriú |

| Abhantrach | T Cur Chuige Roghnaithe 2030 | Cur Chuige Roghnaithe 2055 | Cur Chuige Roghnaithe 2080 |
|---|---|---|---|
| | • ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú | | |
| ICFU Ghreanaí | • An ICFU a bharrfheabhsú le bheith comhlíontach le luachanna teorann astúcháin (ELV) reatha<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid | • Stáisiún Caidéalúcháin Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil – ar a mhéid chun éileamh amach anseo a chomhlíonadh<br>• Píobán aistrithe fuíolluisce nua tógtha ó Ghreanach go ICFU an Teampaill Ghil<br>• ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |
| ICFU an Teampaill Fhinn | • Leanúint le ICFU atá ann cheana agus príomhlíonra eisiltigh cóireáilte go Líonra Chathair Choraí a oibriú | • Stáisiún Caidéalúcháin Fuíolluisce (SCFU) deiridh a thógáil – ar a mhéid chun éileamh ó Ghreanach, ó Charraig na bhFear agus ón Teampall Geal a chomhlíonadh<br>• An príomhlíonra eisiltigh chóireáilte go Líonra Chathair Chorcaí atá ann cheana a úsáid<br>• ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú / a iompú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |
| **Fo-abhantrach 4 – Cnoc Rátha agus Cnocán na Biolraí** | | | |
| ICFU Chnoc Rátha | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Píobán aistrithe fuíolluisce nua a thógáil ó Chnoc Rátha go Stáisiún Caidéalúcháin Dhroichead Ghleann Maghair atá ann cheana | • Leanúint den SCFU a Oibriú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |

| Abhantrach | T Cur Chuige Roghnaithe 2030 | Cur Chuige Roghnaithe 2055 | Cur Chuige Roghnaithe 2080 |
|---|---|---|---|
| | • ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú | | |
| ICFU Chnocán na Biolraí | • An ICFU a bharrfheabhsú le bheith comhlíontach le luachanna teorann astúcháin (ELV) reatha<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid | • Stáisiún Caidéalúcháin Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Píobán aistrithe fuíolluisce nua a thógáil ó Chnocán na Biolraí go Stáisiún Caidéalúcháin Dhroichead Ghleann Maghair atá ann cheana<br>• ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |
| **Fo-abhantrach 5 - Carraig Ghrianáin** | | | |
| ICFU Charraig Ghrianáin | • An ICFU atá ann cheana a uasghrádú chun cóireáil threasach a chur ar fáil chun comhlíontacht le ELVanna reatha a bhaint amach agus chun freastal ar an éileamh atá ag fás i gCathair Chorcaí agus ar aistrithe fuíolluisce ó Fho-abhantraigh 1, 2, 3 agus 4<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid | • Leanúint den ICFU a oibriú<br>• Uasghrádú 104,000 PE a chur ar fáil d'oibreacha cóireála treasaí atá ann cheana ag ICFU<br>• Ionad cóireála ceathartha nua 558,000 PE a thógáil ag an ICFU atá ann cheana<br>• Píobán sceite eisiltigh deiridh atá ann cheana a mhéadú | • Leanúint den ICFU a oibriú<br>• Uasghrádú ICFU chun acmhainn deartha a mhéadú 41,000 PE<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid |
| **Fo-abhantrach 6 – Baile Garbháin, Halfway agus Droichead an Mhionnáin** | | | |
| ICFU Bhaile Garbháin | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Píobán aistrithe fuíolluisce a thógáil go ICFU Chuan Íochtarach Chorcaí trí Stáisiún Caidéalúcháin Charraig Uí Leighin atá ann cheana<br>• ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú | • Leanúint den SCFU a Oibriú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |

| Abhantrach | T Cur Chuige Roghnaithe 2030 | Cur Chuige Roghnaithe 2055 | Cur Chuige Roghnaithe 2080 |
|---|---|---|---|
| ICFU Halfway | • An ICFU a bharrfheabhsú le bheith comhlíontach le luachanna teorann astúcháin (ELV) reatha<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid | • Leanúint den ICFU a oibriú | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Píobán aistrithe fuíolluisce a thógáil go ICFU Chuan Íochtarach Chorcaí trí SCFU Bhaile Garbháin<br>• An ICFU a dhíchoimisiúnú |
| ICFU Dhroichead an Mhionnáin | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Píobán aistrithe fuíolluisce a thógáil go ICFU Chuan Íochtarach Chorcaí trí Stáisiún Caidéalúcháin Charraig Uí Leighin atá ann cheana<br>• ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú | • Leanúint den SCFU a Oibriú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |
| **Fo-abhantrach 7 – Baile an Chollaigh agus Cill na hOmnaí** | | | |
| ICFU Bhaile an Chollaigh | • ICFU Nua Úrnua a thógáil (lena n-áirítear cóireáil threasach) le hacmhainn deartha 64,000 PE ó thuaidh den Laoi<br>• Píblíne aistrithe a thógáil ó láithreán Bhaile an Chollaigh atá ann cheana go láithreán nua trasna ón Laoi<br>• Sruth éalaithe sceite nua a thógáil ó ICFU nua go dtí an Laoi | • An ICFU Atá Ann Cheana a Dhíchoimisiúnú nuair a Thógtar an tIonad Nua<br>• ICFU a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann cheana a mhéadú 8,000 PE go hacmhainn deartha nua 72,000 PE<br>• Ionad cóireála ceathartha nua 72,000 PE a thógáil ag an ICFU úrnua nua | • Leanúint den ICFU a oibriú |
| ICFU Chill na hOmnaí | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil | • Leanúint den SCFU a Oibriú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |

| Abhantrach | T Cur Chuige Roghnaithe 2030 | Cur Chuige Roghnaithe 2055 | Cur Chuige Roghnaithe 2080 |
|---|---|---|---|
| | • Píobán aistrithe fuíolluisce nua ó Chill na hOmnaí go ICFU Bhaile an Chollaigh a thógáil<br>• ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú | | |
| **Fo-abhantrach 8 – Cuan Íochtarach Chorcaí (Carraig Uí Leighin, An Cóbh, An Pasáiste)** | | | |
| ICFU Chuan Íochtarach Chorcaí | • ICFU atá ann cheana a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann cheana a mhéadú 5,000 PE go hacmhainn deartha nua 70,000 PE agus chun freastal ar ualaigh ó Fho-abhantrach 6 agus 10<br>• ICFU a uasghrádú chun cóireáil threasach a chur ar fáil ar mhaithe le comhlíonadh ELVanna reatha d'acmhainn deartha 70,000 PE an ionaid a bhaint amach<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid | • ICFU a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann cheana a mhéadú 15,000 PE go hacmhainn deartha nua 85,000 PE agus chun freastal ar ualaigh ó Fho-abhantrach 6 agus 10<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid | • ICFU a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann cheana a mhéadú 13,000 PE go hacmhainn deartha nua 98,000 PE agus chun freastal ar ualaí ó Fho-abhantrach 6 agus 10<br>• Athsholáthar caipitil 65,000 PE den ICFU bunaidh a chur ar fáil<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid |
| **Fo-abhantrach 9 – Carraig Thuathail agus Mainistir na Corann** | | | |
| ICFU Charraig Thuathail | • An ICFU atá ann cheana a bharrfheabhsú le bheith comhlíontach le ELVanna reatha<br>• An t-aistriú ualach atá ann cheana (5,100 PE) ó Mhainistir na Corann a choinneáil<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid | • ICFU a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann cheana a mhéadú 15,000 PE go hacmhainn deartha nua 45,000 PE<br>• An sceitheadh atá ann cheana a leathnú ón suíomh reatha níos faide ó dheas isteach go Loch Machan | • ICFU a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann cheana a mhéadú 2,000 PE go hacmhainn deartha nua 47,000 PE<br>• Athsholáthar caipitil 30,000 PE den ICFU bunaidh a chur ar fáil |
| ICFU Mhainistir na Corann | • ICFU atá ann cheana a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann | • Leanúint den ICFU a oibriú | • Athsholáthar caipitil 22,500 PE den ICFU bunaidh a chur ar fáil |

| Abhantrach | T Cur Chuige Roghnaithe 2030 | Cur Chuige Roghnaithe 2055 | Cur Chuige Roghnaithe 2080 |
|---|---|---|---|
| | cheana a mhéadú 7,500 PE go hacmhainn deartha nua 22,500 PE<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid<br>• Leanúint den SCFU atá ann cheana a oibriú chun 5,100 PE a aistriú ó Mhainistir na Corann go ICFU Charraig Thuathail | • Leanúint den SCFU atá ann cheana a oibriú chun 11,600 PE a aistriú ó Mhainistir na Corann go ICFU Charraig Thuathail | • Leanúint den SCFU atá ann cheana a oibriú chun 16,500 PE a aistriú ó Mhainistir na Corann go ICFU Charraig Thuathail |
| **Fo-abhantrach 10 – An Baile Mór, Cluain, An Cóbh Thuaidh, Sáilín agus an Geata Bán-Áth Fhada** | | | |
| ICFU Chluana | • ICFU atá ann cheana a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann cheana a mhéadú 3,600 PE go hacmhainn deartha nua 5,000 PE<br>• Píobán fuíolluisce chóireáilte, stáisiún caidéalúcháin agus sceitheadh nua ó ICFU Chluana go Ros Tialláin a thógáil | • Leanúint den ICFU a oibriú | • ICFU atá ann cheana a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann cheana a mhéadú 500 PE go hacmhainn deartha nua 5,500 PE<br>• Athsholáthar caipitil 5,000 PE den ICFU bunaidh a chur ar fáil |
| ICFU Sháilín | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Píobán aistrithe fuíolluisce ó Sháilín go ICFU Chluana a thógáil<br>• ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú | • Leanúint den SCFU a Oibriú | • Leanúint den SCFU a oibriú |
| An Baile Mór | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Píobán aistrithe fuíolluisce nua ón mBaile Mór go líonra bailiúcháin an Chóibh atá ann cheana | • Leanúint den SCFU a Oibriú | • Leanúint den SCFU a oibriú |
| ICFU an Gheata Bháin - Áth Fhada | • ICFU atá ann cheana a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann | • Leanúint den ICFU a oibriú | • ICFU atá ann cheana a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann |

| Abhantrach | T Cur Chuige Roghnaithe 2030 | Cur Chuige Roghnaithe 2055 | Cur Chuige Roghnaithe 2080 |
|---|---|---|---|
| | cheana a mhéadú 1,500 PE go hacmhainn deartha nua 4,000 PE | | cheana a mhéadú 500 PE go hacmhainn deartha nua 4,500 PE<br>• Athsholáthar caipitil 4,000 PE den ICFU bunaidh a chur ar fáil |
| ICFU an Chóibh Thuaidh | • Leanúint den ICFU a oibriú<br>• Sceitheadh atá ann cheana a úsáid | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Píobán aistrithe fuíolluisce nua a thógáil ón gCóbh Thuaidh go líonra bailiúcháin an Chóibh atá ann cheana a sceitheann go ICFU Chuan Íochtarach Chorcaí<br>• An ICFU a dhíchoimisiúnú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |
| **Fo-abhantrach 11 – Baile an Churraigh, Léim Lára agus Lios Cúil** | | | |
| ICFU Bhaile an Churraigh | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Píobán aistrithe fuíolluisce nua ó Bhaile an Churraigh go ICFU Lios Cúil Theas a thógáil<br>• ICFU atá ann cheana a dhíchoimisiúnú | • Leanúint den SCFU a Oibriú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |
| Léim Lára | • Stáisiún Caidéalúcháin Aistrithe Fuíolluisce (SCFU) nua a thógáil<br>• Píobán aistrithe fuíolluisce nua ó Léim Lara go ICFU Lios Cúil Theas a thógáil | • Leanúint den SCFU a Oibriú | • Leanúint den SCFU a Oibriú |
| ICFU Lios Cúil Theas | • Séarach domhantarraingthe nua a thógáil ó ICFU Lios Cúil Thuaidh go ICFU Lios Cúil Theas | • Leanúint den ICFU a oibriú | • ICFU atá ann cheana a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann cheana a mhéadú 200 PE go hacmhainn deartha nua 2,400 PE |

| Abhantrach | T Cur Chuige Roghnaithe 2030 | Cur Chuige Roghnaithe 2055 | Cur Chuige Roghnaithe 2080 |
|---|---|---|---|
| | • ICFU Lios Cúil Thuaidh atá ann cheana a dhíchoimisiúnú<br>• ICFU Lios Cúil Theas atá ann cheana a uasghrádú chun acmhainn deartha atá ann cheana a mhéadú 1,700 PE go hacmhainn deartha nua 2,200 PE | | • Athsholáthar caipitil de thoilleadh 2,200 ar an ICFU |

Áirítear ar phríomhghnéithe den straitéis:

- **Cur Chuige Iomlánaíoch:** Déantar plé sa straitéis ar 26 ionad cóireála fuíolluisce ar fud Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí, ag féachaint ar an gcaoi ar féidir leo oibriú le chéile seachas ina n-aonar. Fágann an dearcadh comhtháite sin gur féidir réitigh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a fháil.
- **Lárú:** Is moladh mór é 16 ionad cóireála fuíolluisce ar mhéid níos lú é a dhíchoimisiúnú faoin mbliain 2080, ag aistriú a bhfuíolluisce go saoráidí láraithe níos mó atá ann cheana amhail Carraig Ghrianáin nó Cuan Íochtarach Chorcaí. Tá sé d'aidhm ag an gcur chuige sin éifeachtúlacht fhoriomlán cóireála a fheabhsú, an comhshaol a chosaint, agus rioscaí a bhaineann le rialacháin níos déine amach anseo a bhainistiú.
- **Cur Chun Feidhme Céimnithe:** Cuirfear an straitéis chun feidhme i gcéimeanna le linn an iliomad timthriallta infheistíochta, ag teacht le pleanáil infheistíochta caipitil agus próisis rialála Uisce Éireann. Fágann sé sin gur féidir solúbthacht agus oiriúnú a bheith ann de réir mar a fhorbraíonn riachtanais agus teicneolaíochtaí.
- **Pleananna a bhaineann go sonrach le Tionscadail:** Cé go soláthraítear creat foriomlán leis an straitéis, beidh a phlean mionsonraithe ag teastáil ó gach tionscadal aonair de réir mar is gá. Áireofar orthu sin roghnú láithreán, dearadh, staidéir indéantachta, agus ceaduithe riachtanacha, lena gcinnteofar go gcomhlíonfaidh na tionscadail riachtanais agus coinníollacha áitiúla sonracha.
- **Breithnithe Comhshaoil**: Déanfar measúnachtaí comhshaoil ar gach tionscadal, lena n-áirítear scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta nuair is gá. Áirithítear leis sin go leanfaidh cosaint an chomhshaoil de bheith ina príomhthosaíocht le linn an chur chun feidhme.
- **Pleanáil Chomhtháite:** Leagtar béim sa straitéis ar a thábhachtaí atá sé tionscadail éagsúla a chomhordú chun a chinntiú go n-oibríonn siad le chéile go héifeachtach. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hionad amháin a uasghrádú i gcomhthráth le fuíolluisce a aistriú ó shuíomh eile.
- **Bainistíocht Riosca**: Sainaithnítear sa phlean rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail srianta toillte, dúshláin mhaoiniúcháin, nó fadhbanna comhlíontachta comhshaoil. Leagtar amach ann straitéisí maolaithe do gach ceann acu, lena n-áirítear uasghráduithe céimnithe, samhlacha nuálacha maoiniúcháin, agus bainistíocht oiriúnaitheach chomhshaoil.
- **Comhoibriú**: Leagtar béim sa straitéis ar an ngá atá le comhpháirtíochtaí le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí comhshaoil agus le pobail. Is é is aidhm don chur chuige comhoibríoch sin aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna níos leithne maidir le cáilíocht an uisce, feasacht an phobail a chur chun cinn, agus bainistiú fuíolluisce a chomhtháthú le tionscnaimh chomhshaoil eile.

Tríd an straitéis seo a ghlacadh, is é is aidhm d'Uisce Éireann córas bainistithe fuíolluisce níos éifeachtaí, níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus níos seasmhaí don todhchaí a chruthú do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí. Ní hamháin go dtugann an straitéis seo aghaidh ar

riachtanais bonneagair, ach cuireann sí Mórcheantar Uirbeach Chorcaí chun cinn freisin chun freastal ar na dúshláin fuíolluisce a bheidh ann sna blianta amach romhainn, ag tacú le fás inbhuanaithe eacnamaíoch agus daonra agus acmhainní luachmhara uisce á gcosaint ag an am céanna.

## 11.2. An Straitéis a Chur i bhFeidhm

Cuirfear **Cur Chuige Molta** Straitéis Fuíolluisce Chorcaí chun feidhme i gcéimeanna, agus é ailínithe le pleananna infheistíochta caipitil agus próisis rialála Uisce Éireann. Mar gheall ar an gcastacht agus ar an scála, beidh an iliomad timthriallta infheistíochta i gceist leis an seachadadh.

Beidh pleanáil mhionsonraithe ag teastáil ó thionscadail ar leith laistigh den straitéis, lena n-áirítear roghnú láithreán, dearadh, staidéir indéantachta, ceadúnú, agus ceaduithe rialála. Leanfaidh siad sin nósanna imeachta rialachais náisiúnta chun comhlíonadh comhshaoil, cost-éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht a chinntiú.  Déanfar scagthástáil le haghaidh Measúnacht Chuí agus Measúnachta Tionchair Chomhshaoil ar na tionscadail de réir mar is gá.

Comhtháthaíonn Straitéis Fuíolluisce Chorcaí gach céim dearaidh ó phleanáil go hoibriú, ina straitéis seachadta chomhtháite fhadtéarmach, agus cur chun feidhme agus ailíniú éifeachtúil le spriocanna cáilíochta uisce Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí á gcinntiú.

Leagtar amach in Aguisín 1 den Tuarascáil Timpeallachta MST roinnt príomhstraitéisí chun cóireáil fuíolluisce agus bainistíocht chomhshaoil a fheabhsú. Liostaítear roinnt de na cuir chuige sin thíos le bearta a bhaineann go sonrach le láithreán agus le tionscadal agus tá tuilleadh sonraí le fáil in Aguisín 1 den Tuarascáil Timpeallachta MST:

- Caidreamh gníomhach réamhghníomhach leis an bpobal chun feasacht a ardú maidir le tionchair truaillithe fuíolluisce chun iompraíocht chuí a spreagadh.
- Bainistíocht chomhoibríoch dobharcheantair chun dul i ngleic le foinsí éagsúla truaillithe agus chun buntáistí comhshaoil níos leithne a chur ar fáil.
- Comhpháirtíochtaí le húdaráis áitiúla le haghaidh feabhsuithe líonra agus draenála uirbí inbhuanaithe.
- Comhoibriú le húdaráis muirí chun uiscí cósta a chosaint.
- Comhtháthú Réiteach Dúlrabhunaithe in uasghráduithe ionaid chóireála fuíolluisce, lena n-áirítear bogaigh, giolcarnach/sloda giolcarnach a thriomú.
- Béim ar phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh, lena n-áirítear bainistíocht éifeachtach dramhaíola agus sloda, éifeachtúlacht fuinnimh, agus giniúint fuinnimh in-athnuaite.
- Tabhairt faoi shuirbhéanna agus measúnachtaí ag brath ar bhealaí aistrithe fuíolluisce amhail an éiceolaíocht, talamh éillithe, oidhreacht chultúrtha/leas seandálaíochta.
- Glanbhreisiú ó thaobh na bithéagsúlachta de a chur i bhfeidhm chun tabhairt faoi chaillteanais gnáthóg an bhonneagair tionscadail.

## 12. Monatóireacht agus Measúnú

Tá Uisce Éireann tiomanta do mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar Straitéis Fuíolluisce Chorcaí agus dá feabhsú. Rianóidh UÉ príomhghnéithe ár gcóras fuíolluisce, lena n-áirítear cáilíocht an fhuíolluisce chóireáilte, acmhainn na n-ionad cóireála, feidhmíocht líonra, úsáid fuinnimh, iontaofacht oibríochtúil, agus tionchair ar an gcomhshaol. Cuidíonn an mhonatóireacht seo linn a aithint cad atá ag éirí go maith leis agus réimsí ina bhfuil gá le feabhsuithe.

Chun a áirithiú go leanfaidh an straitéis de bheith éifeachtach, déanfar athbhreithniú ar Straitéis Fuíolluisce Chorcaí gach cúig bliana. Cuireann na hathbhreithnithe sin ar ár gcumas measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus atá an straitéis ag feidhmiú, teicneolaíochtaí nua nó athruithe ar rialacháin a mheas, agus ár bpleananna a choigeartú bunaithe ar riachtanais athraitheacha MUC. Aithníonn UÉ gur féidir le go leor tosca dul i bhfeidhm ar Straitéis Fuíolluisce Chorcaí, amhail dlíthe nua, tionchair athraithe aeráide, dul chun cinn teicneolaíochta, agus athruithe ar mhaoiniú nó ar dhálaí eacnamaíocha. Déanfaidh UÉ monatóireacht leanúnach ar na tosca sin agus cuirfidh sé an straitéis in oiriúint de réir mar is gá.

Tá Uisce Éireann tiomanta d'idirphlé leanúnach a chothabháil le páirtithe leasmhara, le gníomhaireachtaí comhshaoil agus le pobail áitiúla. Bíonn ról ríthábhachtach ag a n-aiseolas agus ár gcur chuige á chruthú agus lena gcinntiú go gcomhlíonfaimid riachtanais fuíolluisce Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí. Cuirfear Straitéis Fuíolluisce Chorcaí chun feidhme i gcéimeanna, agus é ag teacht le pleananna infheistíochta caipitil Uisce Éireann agus maoirseacht rialála an Choimisiúin um Rialáil Fóntais agus na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

Beidh na tograí atá ag dul ar aghaidh ó Straitéis Fuíolluisce Chorcaí faoi réir ag measúnachtaí timpeallachta aonair, agus seans go n-áireofar Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Chuí.  Tacaíonn na measúnuithe sin le pleanáil agus le hiarratais ar cheadúnas nuair is infheidhme. Beidh gach iarratas dá leithéid faoi réir ag comhairliúchán poiblí, lena gcinntítear trédhearcacht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara le linn shaolré an togra.

Trí bheith airdeallach, solúbtha agus freagrúil, tá sé mar aidhm ag Uisce Éireann a áirithiú go leanfaidh Straitéis Fuíolluisce Chorcaí de bheith éifeachtach agus inbhuanaithe go fadtéarmach. Leis an gcur chuige seo, is féidir linn aghaidh a thabhairt ar riachtanais reatha agus muid ag ullmhú do dhúshláin amach anseo, ag cinntiú go leanann bonneagar fuíolluisce Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí ag tacú le fás agus sláinte chomhshaoil an réigiúin.

# 13. Conclúid

## 13.1. Torthaí agus Buntáistí na Straitéise

Tá Straitéis Fuíolluisce Chorcaí forbartha ag UÉ chun an chóireáil fuíolluisce agus an líonra bonneagair a mheas agus chun infheistíocht amach anseo a bheidh de dhíth sa mheántéarma agus san fhadtéarma a shainaithint, laistigh de Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí agus é ag ullmhú d'fhás daonra agus eacnamaíoch amach anseo agus cosaint an chomhshaoil á cinntiú aige. Tá dearcadh iomlánaíoch ag an straitéis ar Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí, rud a fhágann gur féidir monatóireacht, meastóireacht agus oiriúnú a dhéanamh de réir mar is gá.

Is í gné lárnach den straitéis ná ionaid chóireála fuíolluisce níos lú ar leith a dhíchoimisiúnú, agus fuíolluisce a atreorú chuig saoráidí, láraithe níos mó. Is é an gá le héifeachtacht oibríochta a fheabhsú, torthaí timpeallachta a fheabhsú, agus athléimneacht córais a neartú trí acmhainní agus bonneagar a neartú a spreagann an cur chuige seo. Dá réir sin, sainaithníodh sa **Chur Chuige Molta** do Straitéis Fuíolluisce Chorcaí gur cheart go n-aistreodh 16 ICFU go ICFU ar mhéid níos mó iad atá ann cheana, amhail Carraig Ghrianáin nó Cuan Íochtarach Chorcaí le haghaidh cóireála faoin mbliain 2080. Éilítear leis an gcur chuige seo, i gcomhar le daonraí atá ag dul i méid, uasghrádú na nIonad Cóireála Fuíolluisce ar mhéid níos mó iad amhail Carraig Ghrianáin agus Cuan Íochtarach Chorcaí chun comhlíontacht leordhóthanach acmhainne agus comhshaoil a chinntiú.

Tá go leor buntáistí ag baint le Straitéis Fuíolluisce Chorcaí, lena n-áirítear:

- Ailíniú le treoracha AE agus le rialacháin náisiúnta.
- Tacú le fás daonra agus eacnamaíoch.
- Cosaint an chomhshaoil a fheabhsú, go háirithe i gcás limistéir íogaire.
- Feabhas a chur ar chumas agus éifeachtúlacht na cóireála.
- Feidhmíocht an líonra a bharrfheabhsú agus rioscaí a laghdú.
- Spriocanna inbhuanaitheachta a chur chun cinn.
- Aisghabháil acmhainní agus prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a éascú.

## 13.2. Na Chéad Chéimeanna eile

Cuirfear na réitigh roghnaithe chun cinn mar thionscadail aonair agus tabharfar tosaíocht dóibh ar fud na trí thréimhse straitéise, gach ceann acu ag leanúint shaolré caighdeánach thionscadal Uisce Éireann. Áirítear leis sin measúnuithe chun luach ar airgead, comhlíonadh comhshaoil, agus ailíniú le spriocanna fadtéarmacha a áirithiú. Déanfar measúnú timpeallachta ar gach togra de réir mar is gá, a d’fhéadfadh Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) agus Measúnacht Chuí (MC) a bheith san áireamh, lena gcinntítear comhlíonadh rialachán comhshaoil agus ailíniú le spriocanna inbhuanaitheachta.

Agus an cur chuige straitéiseach seo á ghlacadh, is é is aidhm do UÉ córas bainistithe fuíolluisce athléimneach, éifeachtúil agus inbhuanaithe a chruthú a thacóidh le fás Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí agus a chosnóidh a a chomhshaol go ceann na mblianta fada amach romhainn.

## Comhairliúchán Poiblí

Reáchtálfar tréimhse comhairliúcháin phoiblí thar ocht seachtaine, ag tosú i mí Eanáir 2026. Le linn an ama seo, iarrtar ar an bpobal, ar gheallsealbhóirí agus ar pháirtithe leasmhara athbhreithniú a dhéanamh ar Dhréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí agus ar na Tuarascálacha Comhshaoil a ghabhann léi agus aiseolas a chur ar fáil ina leith.

Is féidir leat **breathnú** ar an straitéis agus ar na tuarascálacha agus iad a **íoslódáil** ach dul chuig:www.water.ie/cws

Tá na doiciméid seo a leanas ar fáil ar ár suíomh gréasáin:

- Dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí - Sonraítear leis seo an plean fadtéarmach a d'fhorbair Uisce Éireann chun bainistiú inbhuanaithe an bhonneagair fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí a threorú go dtí 2080.
- Achoimre Neamhtheicniúil ar Dhréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí - Soláthraíonn an achoimre seo forbhreathnú soiléir, inrochtana ar an straitéis iomlán.
- MST - Tuarascáil Chomhshaoil - Déantar meastóireacht sa Tuarascáil Chomhshaoil ar an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ar na héifeachtaí comhshaoil is dócha a bheadh ag baint le cur chun feidhme Straitéis Fuíolluisce Chorcaí.
- Ráiteas Tionchair Natura - Leis an RTN déantar measúnú ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an straitéis difear suntasach a dhéanamh do láithreáin Natura 2000, do ghnáthóga agus speicis faoi chosaint faoi Threoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga agus Éin.
- Foirm Aiseolais an tSuirbhé Chomhairliúcháin.
- Sonraí faoi gach ócáid chomhairliúcháin agus faoin tslí chun clárú.

Molaimid do gach duine páirt a ghlacadh agus a dtuairimí a thabhairt chun cabhrú le todhchaí na bainistíochta fuíolluisce i gCorcaigh a mhúnlú.


### Conas aighneacht a chur isteach:

Ríomhphost: CWS@water.ie

Post: Straitéis Fuíolluisce Chorcaí, Uisce Éireann, Bosca Oifig an Phoist 860, Oifig Seachadta Dheisceart na Cathrach, Cathair Chorcaí

Foirm Aiseolais: Nasc anseo.

Déanfar an t-aiseolas go léir ó pháirtithe leasmhara a athbhreithniú agus a mheas agus Straitéis Fuíolluisce Chorcaí á tabhairt chun críche againn.



Uasghrádú ar Bhonneagar Straitéis Fuíolluisce Chorcaí
Uisce Éireann Irish Water
IS MÓRCHEANTAR RÉIGIÚNACH I GCONTAE CHORCAÍ É MÓRCHEANTAR UIRBEACH CHORCAÍ
Dúshláin roimh an mbonneagar fuíolluisce
Tá saincheisteanna ACMHAINNE CRITICIÚLA roimh MUC ag líon mór ionad cóireála fuíolluisce. Meastar go dtiocfaidh méadú de bheagnach 93% ar an méid fuíolluisce a chóireáiltear i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí faoin mbliain 2080.
COSAINT an Chomhshaoil
Méadú 72% i bhFÁS DAONRA agus Forbairt Eacnamaíoch
ATHLÉIMNEACHT i leith an athraithe aeráide
COMHLÍONADH rialála
Bonneagar atá AG DUL IN AOIS
Faoi Láthair
An Cur Chuige
Molta Beartaithe
Faoin mbliain 2080
26 IONAD Fuíolluisce
9 nIonad Fuíolluisce a UASGHRÁDAÍODH
16 Ionad Fuíolluisce a DÍCHOIMISIÚNAÍODH
1 Ionad
Cóireála Fuíolluisce nua i mBaile an Chollaigh atá ag cur méadú ar acmhainn go 72,000CD
Is ionann an FUÍOLLUISCE REATHA A CHÓIREÁILTEAR i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí agus 420,000CD
MÉADÚ AR AN BHFUÍOLLUISCE a chóireáiltear faoin mbliain 2080 go 811,600CD
193 STÁISIÚN CAIDÉALÚCHÁIN Fuíolluisce
20 STÁISIÚN CAIDÉALÚCHÁIN Fuíolluisce nua
213 STÁISIÚN CAIDÉALÚCHÁIN fuíolluisce
Tairbhí
Acmhainn chóireála MHÉADAITHE AGUS ÉIFEACHTÚLACHT
Tacaíonn sé le FÁS DAONRA AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCH amach anseo
PLEANÁIL TIONSCADAL réamhghníomhach
SAORÁIDÍ LÁRAITHE níos mó agus suíomh nua sruth éalaithe chun torthaí timpeallachta a fheabhsú agus seasmhacht an chórais a neartú trí acmhainní agus bonneagar a dhaingniú.
Cáilíocht uisce FHEABHSAITHE